Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2015**
**(OR. en)**

**13279/15**

**CONOP 134**
**CODUN 40**
**PROCIV 58**
**COTER 133**
**SAN 348**
**ATO 65**
**DEVGEN 203**
**CFSP/PESC 678**
**FIN 707**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 26 Deireadh Fómhair 2015 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12747/15 CONOP 121 CODUN 36 PROCIV 50 COTER 127 SAN 323 ATO 54 DEVGEN 176 CFSP/PESC 600 FIN 663 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 17/2014 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa "An bhféadfar, le tionscnamh an Aontais maidir le hIonaid Barr Feabhais, rannchuidiú go héifeachtach le rioscaí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha ó lasmuigh den Aontas a mhaolú?"<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 26 Deireadh Fómhair 2015) |

Gheobhaidh toscaireachtaí san Iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 17/2014 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa "An bhféadfar, le tionscnamh an Aontais maidir le hIonaid Barr Feabhais, rannchuidiú go héifeachtach le rioscaí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha ó lasmuigh den Aontas a mhaolú?", a ghlac an Chomhairle ag an 3420ú cruinniú dá cuid an 26 Deireadh Fómhair 2015.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 17/2014 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa "An bhféadfar, le tionscnamh an Aontais maidir le hIonaid Barr Feabhais, rannchuidiú go héifeachtach le rioscaí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha ó lasmuigh den Aontas a mhaolú?"**

1. Gabhann an Chomhairle buíochas leis an gCúirt Iniúchóirí as Tuarascáil Speisialta Uimh. 17/2014 a thíolaic sí agus tugann sí dá haire na conclúidí agus na moltaí atá inti. Tugann an Chomhairle dá haire gurbh é an cuspóir a bhí leis an iniúchadh measúnú a dhéanamh le fíorú an bhféadfar, le Tionscnamh an Aontais maidir le hIonaid Barr Feabhais (IBF) CBRN, cuidiú go héifeachtach le rioscaí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha ó lasmuigh den Aontas a mhaolú, agus é á fhiosrú an bhfuil sé bunaithe ar mheasúnú iontaofa ar an staid roimh 2010,an bhfuil an socrú eagrúcháin a bhaineann leis iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a shainaithnítear, agus an bhfuil córas iomchuí bainistithe ar bun agus i bhfeidhm.
   Is díol sásaimh don Chomhairle gurb é tátal foriomlán na Cúirte go bhféadfar, leis an Tionscnamh, rannchuidiú go héifeachtach le rioscaí CBRN ó lasmuigh den Aontas a mhaolú, cé go n-aithníonn sí gur gá bailchríoch a chur ar roinnt gnéithe fós. Go háirithe, molann an Chomhairle don Choimisiún úsáid na gCeistiúchán do Mheasúnuithe ar Riachtanais (CMR) agus forbairt Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta (PGN) do CBRN a chur chun cinn i ngach ceann de na tíortha comhpháirtíochta atá rannpháirteach sa tionscnamh. Ba cheart gurb iad na Pleananna Gníomhaíochta sin a úsáidfear mar uirlis chun tionscadail nua a bheidh ann amach anseo a shainaithint sna réigiúin ábhartha.
   Ina theannta sin, is eol don Chomhairle nach bhfuil teorainneacha mar bhac do rioscaí a bhaineann le CBRN. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go gcoimeádfaí an dlúthnasc idir beartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais i leith CBRN.

2. Tugann an Chomhairle dá haire na moltaí a thug an Chúirt do SEGS agus don Choimisiún go ndéanfar an maoiniú ón Aontais a dhíriú ar na réimsí is mó atá ábhartha maidir le slándáil an Aontais, go méadófar ar chumais na rúnaíochtaí réigiúnacha trí chur leis an saineolas teicniúil atá iontu, agus go gcuirfear leis an ról atá ag toscaireachtaí an Aontais. Tugann an Chomhairle dá haire freisin na moltaí ón gCúirt don Choimisiún bearta a ghlacadh chun cur le húinéireacht na dtíortha comhpháirtíochta, leanúint dá chuid iarrachtaí dlús a chur le nósanna imeachta, agus feabhas a chur ar an gcomhar idir comhlachtaí cinnteoireachta agus cur chun feidhme.

3. Spreagann sí an Coimisiún leis an úsáid is fearr a bhaint as saineolas na mBallstát faoin Tionscnamh, a mhéid is mó is féidir, lena n-áirítear faisnéis a fháil go luath faoi na deiseanna atá ann ó thaobh maoinithe. Tá beartas cumarsáide gníomhach maidir leis an Tionscnamh ríthábhachtach i gcónaí. Sa mhéid a bhaineann le maoiniú a leithdháileadh, cuireann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh cothromaíocht iomchuí ann idir an tacaíocht a thabharfar i leith struchtúir na nIonad Barr Feabhais ar thaobh amháin, agus cláir agus tionscadail ar an taobh eile. Ba cheart an comhordú le tionscnaimh idirnáisiúnta ábhartha eile a choinneáil ar bun, agus i gcás inar féidir, a neartú, i.. le ESCE, IAEA, EDS, OPCW, Coiste 1540 agus an Chomhpháirtíocht Dhomhanda i gcoinne Leathadh Arm agus Ábhar Ollscriosta agus le tionscnaimh agus cláir ábhartha eile arna gcur chun feidhme sna réigiúin éagsúla freisin.

4. Tá an Chomhairle buíoch do SEGS agus don Choimisiún as na freagraí a thug siad atá i gceangal le Tuarascáil Speisialta Uimh. 17/2014, agus tugann sí dá haire go háirithe agus go dearfach na gníomhartha a rinneadh cheana i dtaca le cinntí na Cúirte. Go háirithe, tá an cúnamh teicniúil do na rúnaíochtaí réigiúnacha faoi lán seoil cheana.

Ba cheart úsáid an tsaineolais sheanbhunaithe atá ag líonra na nIonad Barr Feabhais a chur san áireamh agus cláir eile cúnaimh sheachtraigh á gcur chun feidhme e.g. maidir le beartais Réamhaontachais agus Comharsanachta an Aontais chomh maith le gníomhaíochtaí atá beartaithe faoin Ionstraim um Chomhar maidir le Sábháilteacht Núicléach (INSC). Beidh an toradh is fearr ar an obair más é sin an cur chuige a úsáidfear. Is é an dála céanna ag cur i gcrích chomhar an Aontais um fhorbairt freisin mar bhealach chun an nasc idir an tslándáil agus an fhorbairt a neartú.

5. Ar deireadh, measann an Chomhairle go mbeadh sé úsáideach breathnú arís, in am trátha, ar chur chun feidhme na moltaí a rinneadh agus ar ghnéithe agus ar phointí breise nach gcumhdaítear sa tuarascáil, agus tá sí ag súil leis an meastóireacht ar an gcur chun feidhme agus ar an toradh a bheidh ar thionscadail a dtacaíonn Ionaid CBRN leo.